

TOBAR CHONALL

Bean as Leitheanach –Tá Leitheanach sínte le Barr na gCrompán – Máire Ní Ní, 's é a hainm.

Máire Ní Ní ina bean óg. Bhí an-fhonn uirthé gul go Meireacá agus bhí faitchíos uirthé nach ngabhfadh sí beo go deo ann, ach dubhairt sí lá go ngabhfadh sí go dtí tobar Chonall le súil agus go dtiubhriadh sé teasbána di an éireóchadh a haistir léithe dá ngabhfadh sí ann. Chuaidh sí ag an tobar ag iarraidh teasbána ar Chonall agus thug sí turas.

D'ísligh sí anuas ag a' tobar agus bhreathnuigh sí ann agus chonaic sí an ballach ag eirigh aníos ó thóin a tobair agus a' corruighe a rioball anonn agus anall, a'snámh dhó féin agus ag ól an uisge agus dá chur amach (th)ar a bhéal aríst chomh maith le sé nó seacht de nóiméadaí agus a' gul síos ar thóin a' tobair aríst agus ní fhaca sí aon amharc (afarc) air níos mó. Ní rabh aon mhéid insa mballach ach trí ordlach an rud is mó. Tá an tobar ceathramha míle ón bhfarrge i n-aghaidh an chruic, díreach ins a mbealach nach bhféadfadh breac ar bith gul suas ann.

Bhí fhíos aice go maith go n-éireochadh a h-aistir léithe ó chonaic sí breac beo sa tobar. Chuaidh sí go Meireacá agus d'éirigh sé léithe. Tháinig sí abhaile agus phós sí Peadar Ó Ceannabháin, gabha i nAill na Brón.

Ar a gCaisil Árd atá an tobar.

Deán féin é nó déan dá uireasbha

I ughachta báis

Pinginn a bhí ar an mbád ag gul as Doire na Cloiche go Bun Dorcha a' gul go

An rud a théigheans abhfad téigheann sé chun righeanadais